

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil
## 2008

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2008

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismi Muiri (BITM) ar an 25 lá de Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil ach ag Bord Imscrúdú Taismi Muiri amháin áta i d'teideal ar an gcóipcheart de réir Alt 35(5) d'Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil cead ag éinne aon chuid den fhoilseacháin seo a atáirgeath, a chur I gcomhad athfhála, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leichtreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roihm ré ón bhfoilsitheoir.

Is féidir le lucht oideachais úsáid a bhaint den tuairisc seo le haghaidh aidhmeanna oideachais.

Foilseachán an Bord Imscrúdú Taismi Muiri © 2008

# Clár

## Rannán 1

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| 2. | Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta | 4 |
| 3. | Réamhrá | 8 |
| 4. | Achoimre ar eachtraí a tharla i 2008 | 9 |
| 5. | Achoimre ar thuarascálacha a foilsíodh le linn 2008 | 10 |
| 6. | Sampla cásanna a foilsíodh le linn 2008 | 12 |
| 7. | Comparáid idir taismí muirí 2002 - 2008 | 14 |
| 8. | Tuarascálacha MCIB a foilsíodh 2002 - 2008 | 15 |

## Rannán 2

| | |
|---|---|
| Ráitis Airgeadais don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2008 | 17 |

# Ráiteas an Chathaoirligh



**John G. O'Donnell, B.L.**
Cathaoirleach

A Aire, a chara,

Tá áthas orm an Séú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (NCIB) a chur i láthair a chlúdaíonn an tréimhse 1 Eanáir 2008 – 31 Nollaig 2008.

Tharla deich dteagmhas i 2008 agus cailleadh naonúr dá bharr. Níor fulaingíodh aon ghortú dáiríre seachas sin. Cé go léiríonn sé seo laghdú suntasach i líon na mbásanna sa bhliain 2007, is ábhar an-aiféala é don MCIB cailleadh duine amháin fiú. Cuirim mo chomhbhrón fíréanta in iúl do dhuine ar bith a fuair méala mar gheall ar na teagmhais aimseacha seo.

Leagtar táblaí comparáideacha do 2002 – 2008 amach inár dtuarsacáil ar leathanach 15. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:-

| | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais Imscrúdaíodh | 8 | 17 | 15 | 11 | 11 | 16 | 10 |
| Básanna | 7 | 12 | 14 | 8 | 10 | 17 | 9 |
| Gortuithe | 2 | 2 | 2 | 0 | 1 | 2 | nil |
| Soithí Bainteacha | 9 | 18 | 17 | 11 | 12 | 20* | 10 |

*Ní chuireann an figiúr seo an teagmhas ag Rásaí Bád Dhún Laoghaire 2007 san áireamh, a bhain le cuid mhór bád beag, báidíní agus easnacha.

Leagtar tuarascálacha comparáideacha do na Tuarascálacha a foilsíodh sna blianta 2002 – 2008 amach ar leathanach 16 den Tuarascáil. Ní leagann an tábla seo na teagmhais a tharla i ngach bliain idir 2002 & 2008 amach, ach na Tuarascálacha a foilsíodh i ngach bliain.

## Tuarascálacha a foilsíodh i 2008

D'fhoilsíomar dhá Thuarascáil déag i 2008, agus a sonraí leagtha amach ar leathanach 10. Tá dhá ábhar ar leith imní ag an MCIB:-

An líon méadaithe teagmhas a bhaineann le soithí fóillíochta, agus feithiclí scairdsciála go háirithe.

Ní féidir linn go leor béime a chur ar an riachtanas a chinntiú go gcothabháiltear soithí mar sin de réir na gcaighdeán molta, a éilíonn go gcaitheann úsáideoirí na soithí sin gairis shnámhachta pearsanta agus go bhfaigheann siad oiliúint agus eispéireas imleor in oibríocht sábháilte na soithí seo.

Baineann an chuid is mó de na tuarascálacha a foilsíodh i 2008 le báid iascaigh. Luaigh mé an leibhéal ard eachtraí agus básanna san earnáil iascaigh i dTuarascálacha bliantúla roimhe seo, go háirithe iad siúd a bhaineann le báid idir 15-25 méadar ar fhad.

Bhí ceithre bhád iascaigh bainteach le teagmhais i 2008, agus ceithre bhás ar an drochuair mar thoradh orthu sin. Cé go léiríonn an líon seo laghdú suntasach ó na figiúir i 2007, is léir go bhfuil riachtanas ann go fóill cur i bhfeidhm na mbeart éifeachtach sábháilteachta ar bord na soithí sin a chinntiú. Tá máistrí na soithí sin freagrach as sábháilteacht na foirne agus na bpaisinéirí ar bord, agus tá níos mó faireachais de dhíth le cinnte a dhéanamh de go dtarlaíonn sé seo i gcleachtas.

Cuirfidh tabhairt isteach de Rialúcháin nua Sábháilteachta Iascaireachta, a chuir Ionstraim Reachtúil 640 de 2007 i bhfeidhm, feabhas ar shábháilteacht san earnáil seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo Chomh-Chomhaltaí boird as a gcuid iarrachtaí gan stad le linn 2008. Thug siad go léir a gcuid ama go toillteanach agus go díograiseach lena gcuid oibre a dhéanamh go dtí seo, agus tá ardmholadh tuillte acu. Ba mhaith líom mo bhuíochas ar leith a ghabháil le Martin Diskin ón Roinn Iompair ar son a gcuid iarrachtaí agus é mar chomhalta an Bhoird.

Le linn na bliana chuireamar fáilte roimh Jurgen Whyte, Príomhscrúdaitheoir um Imscrúdú Aerthionóiscí, ar an mBord mar ionadú do Mhartin, agus táimid an-bhuíoch ar son a chúnaimh agus a bharúla nua ar obair an Bhoird.

Ba mhaith liom béim a chur ar an sárobair a rinne Scrúdaitheoirí MCIB le linn na bliana seo. Níorbh fhéidir leis an mBord a obair a dhéanamh gan an dúthracht sin. Ba chóir iad a mholadh mar gheall ar a gcuid oibre gan stad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Rúnaíocht mar gheall ar a cuid oibre leanúnaí agus a gealltanas, go háirithe leis an Rúnaí, Bridie Cullinane Uas. a d'éirigh as a post ar na mallaibh. Guímid rath uirthi ina scor.


Sa deireadh, ba mhaith liom m'ómós ar an gcúnamh a fuair an Bord ón Aire agus a oifigigh le linn 2008 a chur in iúl.



JOHN G. O'DONNELL, B.L.
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginerálta


Cathaoirleach:
**An tUas. John G. O'Donnell, B.L.**


Leaschathaoirleach:
**An tUas. Thomas R. Power**


Comhaltaí an Bhoird:
**An tUas. Sinéad Brett, B.C.L., LL.M**


Comhaltaí an Bhoird:
**An tUas. Brian Hogan, Príomhshuirbhéir, An Roinn Iompair**


Comhaltaí an Bhoird:
**An tUas. Jurgen Whyte, Príomhscrúdaitheoir ar Aerthionóiscí, An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí (AAIU), An Roinn Iompair**

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | An tUas. Kieran Baker |
| Rúnaíocht: | Evelyn Reddin Uas. agus Teresa Walsh Uas. |
| Oifig Chláraithe: | Lána Líosain<br>Baile Átha Cliath 2.<br>Guthán: 01 – 6783484/5/6<br>Facs: 01 - 6783493<br>R-Phost: info@mcib.ie<br>Láithreán Gréasáin: www.mcib.ie |
| Iniúchóirí: | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Foirgneamh an Státchiste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2. |

Seo a leanas eolas ginearálta i dtaca leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí), 2000.

## Function of the Board

Is í feidhm MCIB imscrúduithe a dhéanamh ar Taismí Muirí, mar a sainmhínítear in Alt 2 den Acht.

**Is Taisme Nuirí í imeacht nó próiseas atá ina chúis nó ina bhaol de:**

(a) bás nó gortú dáiríre do dhuine;

(b) cailleadh duine thar bord;

(c) caillteanas suntasach nó tráchur de, damáiste do, nó imbhualadh le soitheach nó réadmhaoin; nó

(d) damáiste suntasach don timpeallacht

a bhaineann le feidhmiú de:

(i) soitheach in uiscí na hÉireann;

(ii) soitheach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí áit ar bith; nó

(iii) soitheach atá suite nó múráilte in uiscí na hÉireann de ghnáth agus faoi smacht chónaitheora an Stáit, in uiscí idirnáisiúnta comhtheagmhálach le huiscí na hÉireann.

**Tá sé mar chuspóir ag gach imscrúdú:**

1. Cúis nó cúiseanna le taisme muirí a fháil amach.
2. Tuairisciú ar an taisme muirí chun moltaí a dhéanamh le taismí cosúla muirí a sheachaint.

***Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara NACH bhfuil sé mar aidhm ag imscrúdú locht nó milleán a chur. Ní ionchúisíonn an Bord. Tá na Comhlachtaí Reachtúla, is iad sin An Gárda Síochána, an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte srl. freagrach as ionchúiseamh ar bith a éiríonn as aon taisme muirí***

## Stádas

Is comhlacht neamhspleách é MCIB maoinithe ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Cuirtear cóip den tuarascáil deiridh i ngach imscrúdú chuig an Aire le haghaidh measúnaithe ar na moltaí atá istigh inti. Tá gach tuarascáil ar fáil don phobal (ar iarratas) saor in aisce nó is féidir iad a fháil trí láithreán gréasáin ag www.mcib.ie.

# Imscrúdaithe agus Tuarascálacha
2008

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanair go 31ú Nollaig 2008

# Réamhrá

Ó bunaíodh é i 2002, rinne an Bord imscrúdú agus d'fhoilsigh tuarascálacha ar chéad is a haon déag cás. Áiríonn an figiúr seo na cásanna sin ar ghlac an Bord seilbh orthu ón Roinn nuair a bunaíodh é.

Léiríonn na staitisticí atá sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla soithí atá bainteach chomh maith le cúis le gach teagmhas, agus tabharfaidh siad léargas don léitheoir ar raon agus obair an Bhoird agus a Imscrúdaitheoirí.

Tá gach tuarasacáil foilsithe ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie, nó i gcóip chrua saor in aisce ar iarratas don Bhord.

# Achoimre ar Theagmhais a Tharla le linn 2008

1u Eanair agus 31u Nollaig 2008

| AINM SOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA TEAGMHAIS | CINEÁL SOITHIGH | CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | BÁSANNA |
|---|---|---|---|---|---|
| Canú iompaithe ar Loch Deirgeirt | 13 Feabhra 2008 | Canú | Bá | Ar an turas ar ais ó Inis Cealtra, Loch Deirgeirt, Co. an Chláir, creidtear gur iompaíodh canú ar iasacht, agus bá an duine ann mar thoradh air sin. | 1 |
| Bád Tarrthála Bhun Dobhráin | 24 Feabhra 2008 | Bád Tarrthála | Iompú | Iompaíodh soitheach mar gheall ar mhaidhm bháite le linn oiliúna amach ó chósta Dhún na nGall. Castainníodh beirt bhall foirne go sábháilteacht. | Dada |
| MFV Strath Marie | 14 Márta 2008 | Soitheach iascaireachta <15m. | Teacht go Grinneall | Chuaigh bád gliomaigh go grinneall amach ó Cheann Inis Eoghain, Dún na nGall. Tarrtháladh an bheirt ar bord ach fuair an bheirt bás níos moille san ospidéal. | 2 |
| MFV Roise Catriona | 8 Bealtaine 2008 | Soitheach iascaireachta 15 – 24m | Bás | Gortuithe cinn do bhall foirne agus bás mar thoradh orthu. | 1 |
| MV Stena Sea Lynx | 9 Meitheam h 2008 | Long paisinéirí idirnáisiúnta Ro-Ro | Bás | Paisinéir caillte thar bord ag teacht isteach go Ros Láir, Co. Loch Garman. Imscrúdú á dhéanamh ag Údarás Muirí na mBahámaí. | 1 |
| TS Asgard II | 11 Meán Fómhair 2008 | Long Lastais | Teacht go Grinneall | Chuaigh soitheach ina raibh 20 oiliúnaí agus 5 bhall foirne i mBá na Bioscáine. | Dada |
| Luamh "Alannah" | 14 Meán Fómhair 2008 | Soitheach Áineasa | Bás | Ball foirne buailte ag sail bharra, caillte thar bord agus báite. | 1 |
| Barbara Mary | 18 Meán Fómhair 2008 | Soitheach Áineasa – bád oscailte | Iompú | Iompaíodh bád gliomaigh amach ó Charraigeacha an Diamaint, Bá Chill Chaoi, Co. an Chláir. Tarrthaladh duine amhain ar bord, bádh an duine eile. | 1 |
| Iompaíodh bád amach ó Oileán an Choinicéir, Corcaigh Thiar | 5 Nollaig 2008 | Bád beag | Iompú | Iompaíodh bád beag ina raibh 10 nduine in aice le hOileán Choiniceir, amach ó chósta Chorcaí Thiar. Bádh duine amháin agus tarrtháladh naonúr eile. | 1 |
| MV Skellig Light II | 28 Nollaig 2008 | Soitheach iascaireachta >24m. | Bás | Ball foirne caillte thar bord | 1 |
| **10 dteagmhas san iomlán** | | | | | **9** |

# Achoimre ar Thuarascalacha a Foilsíodh i 2008

1u Eanair agus 31u Nollaig 2008

| SOITHEACH | DÁTA FOILSEACHÁIN | CINEÁL SOITHIGH | CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁSANNA | CÚIS TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhas feithicle scairdsciála ar Loch Bhéal Trá, Co. Mhaigh Eo** | 23 Feabhra 2008 | Feithicil Scairdsciála | Bás | Taisme mharfach i mbun spóirt áineasa uisce | Bás amháin | Chaill an fheithicil scairdsciála cobhsaíocht mar gheall ar chaillteanas de mhóiminteam chun tosaigh. |
| **Emerald Star** | 18 Márta 2008 | Cúrsóir ar Cíos | Soitheach tagtha ar talamh | Tháinig soitheach ar cíos ar talamh ag Ceann Urra, Loch Deirgeirt. Tarraingíodh an soitheach saor ach thóg uisce ar bord níos moille. | Dada | Níor rinneadh iniúchadh ar cholainn tar éis theacht ar talamh. |
| **KU EE TU** | 2 Bealtaine 2008 | Long phaisinéirí Grád V | Cailleadh duine thar bord | Thit paisinéir thar bord ó long phaisinéirí agus bádh é/í. Fuarthas an corp níos moille. | Bás amháin | Teip den suiteach slabhra garda poirt iontrála mar gheall ar úsáid an tslabhra mar shuíochán. |
| **Felucca** | 12 Bealtaine 2008 | Soitheach iascaireachta | Teacht ar Talamh | Ag imeacht ó Phort Bhaile Átha Cliath tharla cliseadh cumhachta d'inneall soithigh iascaireachta agus tháinig sé ar talamh ar thaobh theas an chainéil. Athchuireadh tús le hinneall an tsoithigh sa deireadh agus athshnámhadh an soiteach go rathúil. | Dada | Chaolaigh fuarthán an ola sumpa, agus cailleadh brú ola mar gheall air seo agus múchadh an t-inneall. |
| **Boyne Harvester** | 12 Bealtaine 2008 | Soitheach iascaireachta | Bás | Le linn iascaireachta ruacain amach ó Cheann Chréadáin, cailleadh ball foirne thar bord agus bádh é/í. | Bás amháin | Níor caitheadh áis snámhachta. |
| **Dinish** | 10 Deireadh Fómhair 2008 | Soitheach iascaireacht a | Teacht go Grinneall | Ní raibh iarrachtaí tuile sa seomra innill a smachtú rathúil agus chuaigh an soitheach go grinneall sa deireadh 170 míle thiar theas ó na Scillí. Tarrtháladh seacht mball foirne agus iad beo. Aisghabhadh corp ach ní bhfuarthas beirt. | Trí bhás | Chuaigh uisce isteach sa príomhdheic/stái siún iasc mar gheall ar theip de thaobhcheangal fhánáin iasc na loinge. |
| **Pere Charles** | 15 Deireadh Fómhair 2008 | Soitheach Iascaireacht a | Teacht go Grinneall | Chuaigh an soitheach go grinneall ar an mbealach ar ais go Dún Mór tar éis trálaeireacht phéire le haghaidh scadán amach ó Rinn Duáin. | Cúig bhás | Athruithe neamhúdaraithe don cholainn, a d'éascaigh bailiú uisce sa deic fhoscaidh. Tuileadh an bolg, seomra na n-inneall agus cóiríocht fhoirne. Shín agus chuaigh an soitheach go grinneall mar thoradh air sin. |

| VESSEL | DATE OF PUBLICATION | TYPE OF CRAFT | TYPE OF INCIDENT | SUMMARY | INJURY/ FATALITY | CAUSE OF INCIDENT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bro Traveller** | 18 Samhain 2008 | Tancaer Ola | Teacht ar Talamh | Chuaigh tancaer cláraithe sa tSualainn ina raibh ola gháis á hiompar ó Milford Haven ar talamh taobh amuigh den chainéal cuisle sainmhínithe tuaithiúir i mBá Bhaile Átha Cliath. Ní raibh aon damáiste nó gortú do phearsanra agus athshnámhadh an soitheach uair an chloig níos moille gan chúnamh tuga. Ní raibh caillteanas ar bith lastais nó buncair. | Dada | Níor rinneadh gníomh tráthúil le dul i ngleic le héifeachtaí ó thoide thuile thuathiúir. |
| **Soitheach neamhainm nithe ó Chuan an Phoillín** | 5 Nollaig 2008 | Bád beag | Teacht go Grinneall | Agus iad i mbun sruthlíontóireachta, bhí deacrachtaí ag na daoine i bpunta beag agus bás trí bhá do dhuine acu mar thoradh air sin. | Bás amháin | Bád rólódáilte iombháite i ndroch-choinníollacha aimsire. |
| **Imbhualadh Feithicle Scairdsciala i mBá Chasla** | 5 Nollaig 2008 | Feithicil Scairdsciála | Imbhualadh | Imbhualadh idir dhá fheithicil scairdsciála i mBá Chasla, Co. na Gaillimhe. | Gortú dáiríre amháin | Easpa comhfheasachta suímh, chomh maith le barraíocht luais in uiscí teoranta. |
| **Chuaigh Curach go Grinneall amach ó Inis Toirc** | 12 Nollaig 2008 | Curach | Teacht go Grinneall | Ag dul anonn go hInis Toirc, tháinig curach ina raibh seisear ar dhroch-choinníollacha aimsire agus chuaigh go grinneall í. Tarrtháladh gach duine a bhí ar bord. | Dada | Droch-choinníollacha aimsire agus stád na farraige. |
| **Teagmhas Feithicle Scairdsciála ar Loch Measca, Co. Mhaigh Eo** | 12 Nollaig 2008 | Feithicil Scairdsciála | Bá | Le linn scairdsciála ar Loch Measca bádh duine amháin a rinne iarracht an cladach a bhaint amach tar éis theip innill. | Bás amháin | Teaglaim de droch-choinníoll mheicniúil na feithicle scairdsciála, íoseolas le feidhm na feithicle scairdsciála, drochchumas snámha, droch-choinníollacha aimsire agus solais agus úsáid d’áis snámhachta in áit seaicéad tarrthála. |

# Sampla Cásanna a Foilsíodh le linn 2008

1u Eanair agus 31u Nollaig 2008

Ba mhaith leis an mBord aird ar leith a tharraingt ar na ceithre thuarascáil seo a leanas a foilsíodh i 2008.

## TUARASCÁIL AR AN IMSCRÚDADH AR THEACHT GO GRINNEALL AN TSOITHIGH IASCAIREACHTA ÉIREANNAIGH "PERE CHARLES" AMACH Ó CHÓSTA LOCH GARMAN THEAS AR 10 EANÁIR 2007



D'imigh an Soitheach Iascaireachta Éireannach "Pere Charles" agus cúigear ball foirne ar bord ó Dhún Mór thart faoi 10rn ar 10 Eanáir 2007 agus chuir tús le hiascaireacht scadáin theas ó Rinn Duáin. Bhí an soitheach i mbun trálaeireachta péire leis an "Suzanna G". Glacadh trí ghabháil, an chéad bheirt acu curtha ar an "Pere Charles" agus an ghabháil deiridh curtha ar an "Suzanna G".

Tamall gairid tar éis 6in ar an lá céanna agus an bheirt soitheach ag filleadh ar Dhún Mór, fuair an "Suzanna G" scairt ar an VHF ó Chaptaen an "Pere Charles" a dúirt "She has breached on me. Stand by". Bhí an "Pere Charles" thart faoi míle ar shiúl agus rud beag chun tosaigh ar an "Suzanna G". D'fhreagair Captaen an "Suzanna G", "Yes Ok". Ba í sin an teagmháil deiridh leis an "Pere Charles" atá ar eolas mar a d'imigh an soitheach ó radharc.

Fuarthas an soitheach ar ghrinneall na farraige ar 12 Eanáir 2007. Rinne tumadóirí ó Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann cuardaigh ar an soitheach ar 16 Eanáir agus idir 24 agus 27 Eanáir 2007 freisin. Ní bhfuarthas aon chorp.

Go luath i Samhain 2007 aisghabhadh an "Pere Charles" ó ghrinneall na farraige agus tugadh chun an Inbhir Mhóir ar bháirse. Cuardaíodh an soitheach ach ní bhfuarthas aon chorp.

Ar imscrúdú fuarthas cúis an teagmhais mar athruithe neamhúdaraithe don cholainn, a d'éascaigh bailiú uisce sa deic fhoscaidh. Tuileadh an bolg, seomra na n-inneall agus cóiríocht fhoirne. Shín agus chuaigh an soitheach go grinneall mar thoradh air sin.

## TUARASCÁIL AR IMSCRÚDÚ AR THEAGMHAS A BHAIN LE TEACHT AR TALAMH DEN TANCAER OLA TRAVELLER" AR 17 MEÁN FÓMHAIR 2005



Ag 07.36 (am áitiúil) ar 17 Meán Fómhair tháinig tancaer cláraithe sa tSualainn de 7,973 tonna comhlán agus lastas 11,000 tonna méadrach d'ola gháis ar bord ó Milford Haven/Pembroke go Lamairne Ola Bhaile Átha Cliath Uimhir 2 ar talamh 0.3 chábla (180 troigh) taobh amuigh den chainéal cuisle sainmhínithe tuaithiúir i mBá Bhaile Átha Cliath, agus 2.78 chábla (1,700 troigh) thiar ó bhaoi cónúil taobhach Uimhir 3 (lámh dheasbhoird).

Níor rinneadh damáiste nó gortú do phearsanra agus athshnámhadh an soitheach uair an chloig níos moille ag 08.35 gan chúnamh tuga.

Bhí an cholainn shlán ach bhí scríobadh péinte do phlátáil cholainne san áit ar tháinig sí ar talamh. Ní raibh caillteanas ar bith lastais nó buncair.

Dearbhaíodh nár rinneadh gníomh tráthúil le dul i ngleic le héifeachtaí ó thoide thuile thuathiúir.

## TUARASCÁIL AR IMBHUALADH IDIR DHÁ FHEITHICIL SCAIRDSCIÁLA I MBÁ CHASLA, CO. NA GAILLIMHE AR 2 DEIREADH FÓMHAIR 2006, AGUS GORTÚ DÁIRÍRE DO DHUINE AMHÁIN MAR THORADH AIR



Ar an Luan 2 Deireadh Fómhair 2006 d'imigh triúr cairde le haghaidh tráthnóna eachtraíochta ó Ché an tSrutháin, Bá Chasla, Co. na Gaillimhe. Bhí an tUas. David Folan chun tosaigh ar an fheithicil scairdsciála agus an tUas. Stephen Lydon beagnach go díreach ar a chúl ar fheithicil scairdsciala freisin, agus an tUas. Pádraic Mullen fad gairid ar chúl ar a shoitheach inséidte (RIB). D'imigh siad ag 17.30 go neasach. Tharla imbhualadh thart faoi cúig nóiméad déag ina dhiaidh sin idir an tUas. Folan ar a fheithicil scairdsciála agus an tUas. Lydon ar a fheithicil scairdsciála. Gortaíodh an tUas. Folan go dona sa teagmhas.

Fuair an t-imscrúdú go raibh easpa comhfheasachta suímh, chomh maith le barraíocht luais in uiscí teoranta.

## TORADH AN IMSCRÚDAITHE AR THEAGMHAS AG LOCH MEASCA, CO. MHAIGH EO, AGUS AN BÁS MAR THORADH AIR AR 9 BEALTAINE 2007



Ar an gCéadaoin 9 Bealtaine 2007, cailleadh an tUas. Patrick O'Haire i dteagmhas feithicle scairdsciála, agus é ag baint suilt as tráthnóna ar Loch Measca.

Dearbhaíodh cúis an teagmhais mar theaglaim de droch-choinníoll mheicniúil na feithicle scairdsciála, íoseolas le feidhm na feithicle scairdsciála, drochchumas snámha, droch-choinníollacha aimsire agus solais agus úsáid d'áis snámhachta in áit seaicéad tarrthála.

# Comparáid Idir na Taismí/Gortuithe Muirí 2002 - 2008

| Cineál Soithigh | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa/Báid Paisinéirí** | | | | | | | |
| Ro-Ro Idirnáisiúnta | | | | | | Bás Amháin<br>Gortú Amháin | Bás Amháin |
| Baile | | | | 2 Bhás | | | |
| Bád Paisinéirí | 5 Bhás | | | | | | |
| **Fo-Iomlán** | **5 Bhás** | | | **2 Bhás** | | **Bás Amháin<br>Gortú Amháin** | **Bás Amháin** |
| **Lastlonga** | | | | | | | |
| Lastlonga Ginearálta | | Bás Amháin | | | | Bás Amháin | |
| Lastlong Ro-Ro | | Bás Amháin | | | | | |
| Tancaer | | 2 Bhás | | | | | |
| | | Gortú Amháin | | | | | |
| Builciompróir | | | Gortú Amháin | | | | |
| Longa Coimeádán | | Bás Amháin | | | | | |
| Iompróir Carranna | | | | | | | |
| Bád Oibre Píolóta/Báirse/<br>Iompróir Trom | | | | | | | |
| **Fo-Iomlán** | | **5 Bhás<br>Gortú Amháin** | **Gortú Amháin** | | | **Bás Amháin** | **Dada** |
| **Soithí Iascaireachta** | | | | | | | |
| < 15 méadar | | Bás Amháin | Bás Amháin | 3 Bhás | Bás Amháin | 3 Bhás | 2 |
| 15 - 24 méadar | | | 4 Bhás | | 3 Bhás | 9 mBás | 1 |
| > 24 méadar | Bás Amháin | Bás Amháin | Bás Amháin | | 3 Bhás | | Bás Amháin |
| **Fo-Iomlán** | **Bás Amháin** | **2 Bhás** | **6 Bhás** | **3 Bhás** | **7 mBás** | **12 Bhás** | **4 Bhás** |
| **Soitheach Áineasa** | | | | | | | |
| Fethiclí Scairdsciála | | Bás Amháin | Gortú Amháin | | Bás Amháin<br>Gortú Amháin | Bás Amháin | |
| Báid Oscailte/Canú | Bás Amháin | 2 Bhás | 6 Bhás | Bás Amháin | 2 Bhás | 2 Bhás | 3 Bhás |
| Mótar | Dhá Ghortú | 2 Bhás | 2 Bhás | | | Gortú Amháin | |
| Seoltóireacht | | | | 2 Bhás | | | Bás Amháin |
| Soitheach cumhacht tapa/RIB | | Gortú Amháin | | | | | |
| **Fo-Iomláin** | **Bás Amháin<br>Dhá Ghortú** | **5 Bhás<br>Gortú Amháin** | **8 mBás<br>Gortú Amháin** | **3 Bhás** | **3 Bhás<br>Gortú Amháin** | **3 Bhás<br>Gortú Amháin** | **4 Bhás** |
| **Líon Iomlán Teagmhas** | **8** | **17** | **15** | **11** | **11** | **16** | **10** |
| **Líon Iomlán Básanna** | **7** | **12** | **14** | **8** | **10** | **17** | **9** |
| **Líon Iomlán Gortuithe** | **2** | **2** | **2** | **0** | **1** | **2** | **Dada** |
| **Líon Iomlán Soitheach bainteach** | **9** | **18** | **17** | **11** | **12** | **20*** | **10** |

*Ní chuireann an figiúr seo an teagmhas ag Rásaí Bád Dhún Laoghaire i 2007 a bhain le 115 bád beaga, báidíní agus easnacha san áireamh.

# Tábla Comparáideach de Thuarascálacha a Foilsíodh 2002 - 2008

| Cineál Soithigh | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa/Báid Paisinéirí** | | | | | | | |
| Ro-Ro Idirnáisiúnta | 1 | 2 | 1 | | | | |
| Baile | | 1 | 1 | | 1 | | |
| Bád Paisinéirí | | 1 | | 1 | | | 1 |
| **Fo-Iomlán** | **1** | **4** | **2** | **1** | **1** | | **1** |
| **Lastlonga** | | | | | | | |
| Lastlonga Ginearálta | | 4 | 3 | 5 | | | |
| Lastlong Ro-Ro | | | | | | | |
| Tancaer | | | 3 | | | | 1 |
| Builciompróir | | 1 | 1 | | | | |
| Long Choimeádáin | | 2 | 3 | | | | |
| Iompróir Carranna | | 1 | 1 | | | | |
| Bád Oibre/Tuga/Píolóta/Báirse/ Iompróir Trom | | 4 | 3 | | | | |
| **Fo-Iomlán** | | **12** | **14** | **5** | | | **1** |
| **Soithí Iascaireachta** | | | | | | | |
| < 15 méadar | | 2 | 5 | 3 | 1 | 1 | 1 |
| 15-24 méadar | | 3 | 4 | 5 | 1 | 1 | 1 |
| > 24 méadar | | 5 | 13 | 2 | | 1 | 2 |
| **Fo-Iomlán** | | **10** | **22** | **10** | **2** | **3** | **4** |
| **Soitheach Áineasa** | | | | | | | |
| Fethiclí Scairdsciála | | | | 2 | | | 4 |
| Báid Oscailte/Canú | | 1 | 3 | 3 | 3 | 1 | 2 |
| Mótar | | 2 | 3 | | 2 | | |
| Cíos | | | | | | | 1 |
| Seoltóireacht | | | 2 | 2 | 1 | 1 | |
| Soitheach Cumhacht Tapa/RIB | | | 1 | 3 | | | |
| **Fo-Iomláin** | | **3** | **9** | **10** | **6** | **2** | **7** |
| **Líon Iomlán Tuarascálacha Foilsithe** | **1** | **24** | **39** | **21** | **9** | **5** | **12** |
| **Líon Iomlan Soitheach bainteach le teagmhais** | **1** | **29** | **47** | **26** | **9** | **5** | **13** |
| **Líon Iomlán Básanna** | | **21** | **18** | **19** | **7** | **5** | **14** |
| **Líon Iomlán Gortuithe** | **1** | **5** | **9** | **2** | **Náid** | **Náid** | **1** |

# Ráitis Airgeadais

## 2008

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanair go 31ú Nollaig 2008

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhord Imscrúdú Taismí Muirí | 19 |
| Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 20 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 22 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 23 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 24 |
| Clár Comhardaithe | 25 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais do bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 | 26 |

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhord Imscrúdú Taismí Muirí

Don bhliain dar chrioch 31u Nollaig 2007

## Freagrachtai an Bhoird

Caithfidh an Bord, faoi Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí), 2000 na cuntais is cuí agus is gnáth den airgead go léir a fhaigheann nó a chaitheann sé, a fhad is go mbíonn siad formheasta ag an Aire Iompair le cead ón Aire Airgeadais. Agus é ag ullmhú na ráiteas airgeadais, caithfidh an Bord:

1. Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta
2. Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh
3. Cur in iúl cé acu ar comhlíonadh aon chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta, de réir aon imeachtaí ábhartha nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.
4. Na ráitis airgeadais a dhéanamh ar bhonn ghnóthas reatha seachas sa chás go mbíonn sé míchuí toimhdiú go leanfaidh an Bord ar aghaidh lena chuid oibríochtaí.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntasaíochta chuí a choinneáil, a léiríonn le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chinntíonn go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí), 2000. Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh chun caolais agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach
20 Iúil 2009

Kieran Baker
Rúnaí
20 Iúil 2009

# Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas

Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008, faoi Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí), 2000.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá iontu, comhdhéanta de Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí bainteacha.

## Freagrachtaí faoi seach an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá an Bord Imscrúdú Taismí Muirí freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí), 2000, agus as rialúchán na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord Imscrúdú Taismí Muirí na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta Choitianta in Éirinn. Leagtar freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Tá se mar fhreagracht agam iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dlithiúil agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA agus Éire).

Tugaim mo bharúil an bhfuil na ráitis airgeadais fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta Choitianta in Éirinn. Tugaim mo bharúil freisin ar coinníodh leabhair chearta chuntasaíochta. Ina theannta sin, cuirim in iúl an bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím aon ásc ábharach nuair nár baineadh úsáid as airgead don chuspóir beartaithe nó mura gcloíonn na hidirbhearta leis na húdaráis rialaithe.

Tuairscím freisin nuair nach bhfuair mé an t-eolas agus na míniúcháin go léir atá riachtanach le haghaidh m'iniúchta.

Déanaim athbhreithniú le dearbhú an léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird i dtaca leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stait agus tuairiscím aonác ábharach nauir nach léiríonn sé an comhlíonadh seo, nó má bhíonn an ráiteas míthreorach nó neamhréireach le heolas eile a bhfuil mé feasach air mar gheall ar m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní gá dom breithniú an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais na rioscaí agus na rialúcháin airgeadais go léir, nó barúil a thabhairt ar éifeachtacht na modhanna oibre riosca agus rialúcháin.

Léim eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním impleachtaí do mo thuarascáil má éirím eolach ar aon mhíráitis nó neamhrialtachtaí dealraitheacha leis na ráitis airgeadais.

## Bonn na Tuairime Iniúchta

Agus mé ag feidhmiú mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadasi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA agus Éire) eisithe ag an mBord um Chleactais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na comaoineacha speisialta atá ceangailte le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriúchán. Déanann iniúchadh scrúdú, ar bhonn tátála, ar fhianaise a bhaineann le méid, nochtadh

agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá sna ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé freisin measúnacht ar na meastacháin agus ar na breithiúnais suntasacha in ullmhúchán na ráiteas airgeadais, agus tuairiscím ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta le haghaidh imthosca an Bhoird, agus an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go himleor iad.

D'ullmhaigh agus rinne mé m'iniúchadh chun an t-eolas agus na míniúcháin go léir a ba ghá liom a bheith riachtanach le fianaise imleor a sholáthar dom chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábharach, mar gheall ar chalaois nó neamhrialtacht nó botún eile. Le mo thuairim a dhéanamh rinne mé measúnú freisin ar acmhainneacht iomlán de chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

De réir mo thuairime soláthraíonn na ráitis airgeadais léargas atá fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta Choitianta in Éirinn, ar staid chúrsaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2008 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain sin.

Tá mé den tuairim gur choinnigh an Bord leabhair chearta chuntais. Aontaíonn na ráitis airgeadais le leis na leabhair chuntais.

____________________________________

Gerard Smyth
Do agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Iúil 2009

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

## Freagracht do Rialú Inmheánach Airgeadais

Ar son an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí, admhaím an fhreagracht atá againn le cinnte a dhéanamh de go gcothabháiltear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras de Rialú Inmheánach ach ráthaíocht réasúnta, gan lánchinnteacht, a thabhairt go bhfuil sócmhainní sábháilte, idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is ceart, agus go gcoisctear botúin nó neamhrialtachtaí ábharacha nó go bhfaighfí go tráthúil iad.

## Príomh-mhodhanna Oibre Rialaithe

Is iad seo a leanas na rialuithe airgeadais a bhí i bhfeidhm le linn na bliana:

- Tá gach íocaíocht (seachas tuarastail fhoirne*) údaraithe ag beirt chomhaltaí an Bhoird ar a laghad.
- Bhí gach éileamh taistil agus marthana údaraithe ag comhalta eile an Bhoird agus deimhnithe le haghaidh íocaíochta ag an Rúnaí.
- Tá cóid iompair ghnó do chomhaltaí an Bhoird agus don fhoireann i bhfeidhm.
- Tugann an Rúnaí comhairle don Bhord, ag gach cruinniú an Bhoird, ar staid reatha airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

D'aistrigh cinneadh Rialtais máthair-Roinn don Bhord Imscrúdú Taismí Muirí ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Roinn Iompair ó 1 Eanáir 2006. D'iarr an Roinn Iompair ar mhaolú maidir le bunú de choiste iniúchta agus ar fheidhm inmheánach iniúchta. Ba í an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a bhronn an maolú roimhe sin.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú i dtaca le héifeachtacht na gcóras de rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

## Sínithe ar son an Bhoird

John G O'Donnell B.L
Cathaoirleach
20 Iúil 2009

# Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

## 1. Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000. Chuir an Bord tús le hoibriúcháin ar 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go hoifigiúil é ar 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuarascálacha.

## 2. Bonn na Cuntasaíochta

Rinneadh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil sa bhfoirm atá formheasta ag an Aire Iompair, le cead ón Aire Airgeadais, faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, seachas mar atá léirithe thíos agus de réir an chleachtais chuntasaíochta choitianta. Glactar le Caighdeáin Tuairiscthe Airgeadais, molta ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad.

## 3. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2008.

## 4. Deontais Oireachtais

Leiríonn ioncam ó Dheontais Oireachtais na fíorfháltais airgid sa bhliain ón Roinn Iompair agus íocaíochtaí déanta sa bhliain ag na Ranna ábhartha i dtaca le foireann Bhord Imscrúdú Taismí Muirí*.

## 5. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Léirítear Sócmhainní Seasta ag costas. Soláthraítear dímheas ar bhonn na líne dírí mar seo a leanas:

Trealamh Oifige 5 bliana

## 6. Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil an luach neamhamúchta den ioncam in úsáid le haghaidh cuspóirí caipitil.

## 7. Aoisliúntas

Clúdaíonn socruithe pinsin na Roinne ábhartha foireann na Roinne* ar iasacht mar Rúnaíocht don MCIB.

*Nóta: Tá trí bhall buan foirne i Rúnaíocht MCIB ar iasacht ón Roinn Iompair.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2008

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

| | Nóta | 2008<br>€ | 3007<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam:** | | | |
| Deontais Oireachtais | | 251,522 | 144,658 |
| Ús ar Thaiscí | | 145 | 1,487 |
| | | 251,667 | 146,145 |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | 4 | 777 | 870 |
| | | 252,444 | 147,015 |
| **Caiteachas:** | | | |
| Tuarastail Fhoirne | | 108,522 | 94,658 |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | | 17,776 | 17,776 |
| Seomraí Cruinnithe ar cíos | | - | 110 |
| Priontáil, Postas agus Páipéarachas | | 47,173 | 9,722 |
| Cothabháil Shuíomh Ghréasáin | | 623 | 6,127 |
| Costais Imscrúdaithe Taisme | | 45,545 | 84,553 |
| Taisteal & Marthain – Comhaltaí an Bhoird | | 3,978 | 2,786 |
| Taisteal & Marthain - Eile | | 176 | - |
| Tállí Dlí & Gairmiúla | | 968 | 9,082 |
| Cuntasaíocht | | 5,250 | 5,250 |
| Táillí Iniúchta | | 7,000 | 7,000 |
| Táillí Bainc | | 30 | 10 |
| Dímheas | | 777 | 754 |
| Costais Éagsúla | | 255 | 275 |
| | | 238,073 | 238,103 |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | 14,371 | (91,088) |
| Barrachas Carnach 1 Eanáir | | 5,046 | 96,134 |
| Barrachas Carnach 31 Nollaig | | 19,417 | 5,046 |

Tá na Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 10 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach
20 Iúil 2009

Kieran Baker
Rúnaí
20 Iúil 2009

# Clár Comhardaithe 2008

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

| | Notes | 2008 € | 2007 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 1 | 1,553 | 2,330 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Fiachóirí | | 1,043 | 227 |
| Airgead Tirim i Seilbh agus sa Bhanc | 2 | 49,692 | 39,772 |
| | | 50,735 | 39,999 |
| **CCREIDIÚNAITHE** - Méideanna dlite taobh istigh de bhliain | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 3 | (31,318) | (34,953) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 19,417 | 5,046 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | 20,970 | 7,376 |
| CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ | | | |
| Cuntas Caipitil | 4 | 1,553 | 2,330 |
| Cuntas Caipitil & Ioncaim | | 19,417 | 5,046 |
| | | 20,970 | 7,376 |

Tá an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 10 mar chuid de na ráitis airgeadais seo

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach
20 Iúil 2009

Kieran Baker
Rúnaí
20 Iúil 2009

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| **Nóta 1. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Trealamh Oifige** | € | € |
| **Costas** | | |
| Iarmhéid Tosaigh 1 Eanáir | 3,884 | 4,000 |
| Diúscairtí | - | (116) |
| Iarmhéid Deiridh 31 Nollaig | 3,884 | 3,884 |
| **Dímheas** | | |
| Iarmhéid Tosaigh 1 Eanáir | 1,554 | 800 |
| Diúscairtí | - | - |
| Táille don Tréimhse | 777 | 754 |
| Iarmhéid Deiridh 31 Nollaig | 2,331 | 1,554 |
| **Glanluachanna Leabhar** | | |
| Ag 31 Nollaig | 1,553 | 2,330 |

**Nóta 2. Airgead Tirim i Seilbh agus sa Bhanc**

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| Cuntas Reatha | 47,948 | 8,173 |
| Cuntas Taisce | 1,744 | 31,599 |
| | 49,692 | 39,772 |

**Nóta 3. Creidiúnaithe – Méideanna dlite taobh istigh de Bhliain**

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir 2008 | 31,318 | 34,953 |

**Nóta 4. Cuntas Caipitil**

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir 2008 | | 2,330 |
| Ioncam Dáilte le haghaidh Cuspóirí Caipitil | - | - |
| Amúchadh de réir Dímheasa | (777) | - |
| Aistriú chuig Cuntas Ioncaim & Caiteachais | - | (777) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2008 | - | 1,553 |

**Nóta 5. Táillí Gairmiúla**

Ní raibh táillí íoctha maidir le himscrúdú ar thaismí muirí cionn is gur sholáthair Oifig na Suirbhéireachta Muirí den Roinn Iompair na seirbhísí sin saor in aisce don Bhord.

**Nóta 6. Fostaithe agus Aoisliúntas**

Níl aon fhostaithe ag an mBord. Soláthraíonn an Roinn Iompair Rúnaíocht bhuan de thriúr ball foirne. Fuair an Roinn costais fhoirne ar ais ó leithdháileadh deontais an Bhoird.

## Nóta 7. Costais Oibriúcháin

Maoiníonn an Bord a chuid costas oibriúcháin féin, seachas na seirbhísí seo a leanas a sholáthraíonn an Roinn Iompair saor in aisce:

- Guthán & Facs
- Páipéarachas,
- Glantachán,
- Costais Oifige eile, soilsiú agus téamh san áireamh.

## Nóta 8. Cánachas

De réir Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh cánachas agus ní gá cánachas a sholáthar sna ráitis airgeadais.

## Nóta 9. Comhaltaí Boird: Nochtadh Leasa

Ghlac gach comhalta an Bhoird le modhanna oibre de réir alt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí) 2000.

## Nóta 10. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 20 Iúil 2009.

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01-6782460. Facs: 01-6783129. www.mcib.ie